Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 3 Aibreán 2019
(OR. en)

7714/19

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0089(COD)**

**CODEC 732**
**CONSOM 115**
**MI 280**
**ENT 85**
**JUSTCIV 90**
**DENLEG 45**
**PE 94**

**NÓTA FAISNÉISE**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le caingne ionadaíocha chun comhleasanna tomhaltóirí a chosaint, agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/22/CE<br>- An Toradh ar chéad léamh Pharlaimint na hEorpa,<br>(Strasbourg, 25 go dtí an 28 Márta 2019) |

## I. RÉAMHRÁ

Thíolaic an rapóirtéir, Geoffroy DIDIER (EPP, FR), tuarascáil ar an togra le haghaidh Treorach thar ceann an Choiste um Ghnóthaí Dlíthiúla. Sa tuarascáil sin, bhí 108 leasú (leasuithe 1-108) ar an togra.

Ina theannta sin, thíolaic an grúpa polaitiúil ENF 31 leasú (leasuithe 109-140).

## II. VÓTÁIL

Ghlac an seisiún iomlánach na leasuithe (1-108) ar an togra maidir le Treoir, tráth ar caitheadh vóta ar an 26 Márta 2019. Níor glacadh aon leasú eile.

Is é atá sa togra ón gCoimisiún mar a leasaíodh é an seasamh ón bParlaimint ar an gcéad léamh atá le fáil ina rún reachtach mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo[1].

---

**1** Rinneadh an leagan sin den seasamh ón bParlaimint atá le fáil sa rún reachtach a mharcáil chun na hathruithe a tháinig de bharr na leasuithe a rinneadh ar an togra ón gCoimisiún a léiriú. Is le ***cló trom agus cló iodálach*** a léirítear aon ní a cuireadh leis an téacs ón gCoimisiún. Léirítear téacs a scriosadh leis an tsiombail "▌".

## Caingne ionadaíocha chun comhleasanna tomhaltóirí a chosaint ***I

**Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 26 Márta 2019 ar an togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caingne ionadaíocha chun comhleasanna tomhaltóirí a chosaint, agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/22/CE (COM(2018)0184 – C8-0149/2018 – 2018/0089(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2018)0184),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C8-0149/2018),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do na tuairimí réasúnaithe a tíolacadh, faoi chuimsiú Phrótacal Uimh. 2 maidir le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta a chur i bhfeidhm, á mhaíomh nach gcomhlíonann an dréachtghníomh reachtach prionsabal na coimhdeachta,

– ag féachaint don thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[2],

– ag féachaint do thuairim ó Choiste na Réigiún[3]

– ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla agus freisin do na tuairimí ón gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra agus ón gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht (A8-0447/2018),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh faoi mar a leagtar amach anseo ina dhiaidh seo;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

---

[2] IO C 440, 6.12.2018, lch. 66.
[3] IO C 461, 21.12.2018, lch. 232.

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (1) Is é aidhm na Treorach seo eintitis cháilithe, a dhéanann ionadaíocht do chomhleasanna tomhaltóirí, a chumasú chun leigheas a lorg trí chaingne ionadaíocha i gcoinne sáruithe ar fhorálacha dhlí an Aontais. Ba cheart na heintitis cháilithe a bheith in ann a iarraidh go ndéanfaí sárú a stopadh nó a thoirmeasc, go ndéanfaí a dheimhniú gur tharla sárú agus sásamh a lorg, amhail cúiteamh, deisiú ***nó*** laghdú praghsanna de réir mar atá ar fáil faoi dhlíthe náisiúnta. | (1) Is é aidhm na Treorach seo eintitis ***ionadaíocha*** cháilithe, a dhéanann ionadaíocht do chomhleasanna tomhaltóirí, a chumasú chun leigheas a lorg trí chaingne ionadaíocha i gcoinne sáruithe ar fhorálacha dhlí an Aontais. Ba cheart na heintitis ***ionadaíocha*** cháilithe a bheith in ann a iarraidh go ndéanfaí sárú a stopadh nó a thoirmeasc, go ndéanfaí a dheimhniú gur tharla sárú agus sásamh a lorg, amhail cúiteamh, ***aisíocaíocht an phraghais a íocadh,*** deisiú***, athsholáthar, baint nó foirceannadh conartha*** de réir mar atá ar fáil faoi dhlíthe náisiúnta. |

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (2) Chumasaigh Treoir 2009/22/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[29] eintitis cháilithe chun caingne ionadaíocha a thabhairt atá dírithe go príomha ar stopadh agus ar thoirmeasc sáruithe ar dhlí an Aontais Eorpaigh atá díobhálach do chomhleasanna tomhaltóirí. Níor thug an Treoir sin aghaidh sách maith, áfach, ar na dúshláin a bhaineann le forfheidhmiú dhlí na dtomhaltóirí. Chun an díspreagadh a mhéadú maidir le cleachtais neamhdhleathacha agus chun an dochar do thomhaltóirí a laghdú, tá sé riachtanach an sásra le haghaidh cosaint comhleasanna tomhaltóirí a neartú. I bhfianaise na n-athruithe iomadúla, ar mhaithe le soiléireacht, tá sé iomchuí Treoir 2009/22/CE a ionadú. | (2) Chumasaigh Treoir 2009/22/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[29] eintitis ***ionadaíocha*** cháilithe chun caingne ionadaíocha a thabhairt atá dírithe go príomha ar stopadh agus ar thoirmeasc sáruithe ar dhlí an Aontais Eorpaigh atá díobhálach do chomhleasanna tomhaltóirí. Níor thug an Treoir sin aghaidh sách maith, áfach, ar na dúshláin a bhaineann le forfheidhmiú dhlí na dtomhaltóirí. Chun an díspreagadh a mhéadú maidir le cleachtais neamhdhleathacha***, chun cleachtais mhaithe agus fhreagracha gnó a spreagadh,*** agus chun an dochar do thomhaltóirí a laghdú, tá sé riachtanach an sásra le haghaidh cosaint comhleasanna tomhaltóirí a neartú. I bhfianaise na n- |

athruithe iomadúla, ar mhaithe le soiléireacht, tá sé iomchuí Treoir 2009/22/CE a ionadú. ***Tá géarghá le hidirghabháil an Aontais, ar bhonn Airteagal 114 CFAE, chun rochtain ar cheartas agus riar fónta an cheartais araon a áirithiú toisc go laghdófar léi na costais agus an t-ualach a ghabhann le caingne aonair.***

[29] IO L 110/30, 1.5.2009.

[29] IO L 110/30, 1.5.2009.

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (3) Ba cheart caingean ionadaíoch a bheith ina bealach éifeachtach agus éifeachtúil chun comhleasanna tomhaltóirí a chosaint. Ba cheart go gcuirfeadh an saghas caingne sin ar a gcumas d'eintitis cháilithe gníomhú chun comhlíonadh forálacha ábhartha dhlí an Aontais a áirithiú agus chun dul thar na baic a bhíonn ar thomhaltóirí le linn caingne aonair, amhail éiginnteacht maidir lena gcearta agus na sásraí nós imeachta atá ar fáil, leisce shíceolaíoch caingean a thabhairt agus an éagothroime idir na costais agus na tairbhí ionchasacha a bhainfeadh le caingean aonair. | (3) Ba cheart caingean ionadaíoch a bheith ina bealach éifeachtach agus éifeachtúil chun comhleasanna tomhaltóirí a chosaint ***i gcoinne sáruithe inmheánacha agus trasteorann araon***. Ba cheart go gcuirfeadh an saghas caingne sin ar a gcumas d'eintitis ***ionadaíocha*** cháilithe gníomhú chun comhlíonadh forálacha ábhartha dhlí an Aontais a áirithiú agus chun dul thar na baic a bhíonn ar thomhaltóirí le linn caingne aonair, amhail éiginnteacht maidir lena gcearta agus na sásraí nós imeachta atá ar fáil, ***taithí roimhe seo ar éilimh nár éirigh leo, imeachtaí rófhada,*** leisce shíceolaíoch caingean a thabhairt agus an éagothroime idir na costais agus na tairbhí ionchasacha a bhainfeadh le caingean aonair***, a mhéadaíonn, dá réir sin, an deimhneacht dhlíthiúil d'éilitheoirí agus do chosantóirí araon, agus don chóras dlí freisin.*** |

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (4) Tá sé tábhachtach an chothromaíocht riachtanach idir rochtain ar cheartas agus cosaintí nós imeachta i gcoinne dlíthíocht mhí-úsáideach a áirithiú, ar rud é a d'fhéadfadh bac míchuí a chur ar chumas gnólachtaí feidhmiú sa Mhargadh Aonair. Chun mí-úsáid caingne ionadaíocha a chosc, ba cheart eilimintí áirithe a sheachaint amhail damáistí pionósacha agus easpa teorainneacha ar an teidlíocht caingean a thabhairt thar ceann na dtomhaltóirí a ndearnadh díobháil dóibh, agus ba cheart rialacha soiléire a leagan síos maidir le gnéithe éagsúla nós imeachta, amhail eintitis cháilithe a ainmniú, tionscnamh a gcistí agus an cineál faisnéise a theastaíonn le tacú leis an gcaingean ionadaíoch. Níor cheart ***go ndéanfadh an Treoir seo difear do rialacha náisiúnta maidir le leithdháileadh*** costais ***nós imeachta***. | (4) Tá sé tábhachtach an chothromaíocht riachtanach idir rochtain ar cheartas agus cosaintí nós imeachta i gcoinne dlíthíocht mhí-úsáideach a áirithiú, ar rud é a d'fhéadfadh bac míchuí a chur ar chumas gnólachtaí feidhmiú sa Mhargadh Aonair. Chun mí-úsáid caingne ionadaíocha a chosc, ba cheart eilimintí áirithe a sheachaint amhail damáistí pionósacha agus easpa teorainneacha ar an teidlíocht caingean a thabhairt thar ceann na dtomhaltóirí a ndearnadh díobháil dóibh, agus ba cheart rialacha soiléire a leagan síos maidir le gnéithe éagsúla nós imeachta, amhail eintitis ***ionadaíocha*** cháilithe a ainmniú, tionscnamh a gcistí agus an cineál faisnéise a theastaíonn le tacú leis an gcaingean ionadaíoch. ***Ba cheart don pháirtí nár éirigh leis costais na n-imeachtaí a iompar. Níor cheart, áfach, go ndéanfadh an chúirt nó an binse*** costais ***a dhámhachtain don pháirtí nár éirigh leis sa mhéid go ndearnadh iad a thabhú go neamhriachtanach nó go bhfuil siad díréireach leis an éileamh***. |

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (6) Ba cheart réimsí éagsúla a chumhdach leis an Treoir seo amhail cosaint sonraí, seirbhísí airgeadais, taisteal agus turasóireacht, fuinneamh, teileachumarsáid ***agus*** an comhshaol. Ba cheart go gcumhdódh sé sáruithe ar | (6) Ba cheart réimsí éagsúla a chumhdach leis an Treoir seo amhail cosaint sonraí, seirbhísí airgeadais, taisteal agus turasóireacht, fuinneamh, teileachumarsáid***,*** an comhshaol ***agus sláinte***. Ba cheart go gcumhdófar sáruithe |

| | |
|---|---|
| fhorálacha dhlí an Aontais a chosnaíonn leasanna tomhaltóirí, is cuma an dtagraítear dóibh mar thomhaltóirí nó mar ***thaistealaithe***, úsáideoirí, custaiméirí, infheisteoirí miondíola, cliaint mhiondíola nó eile i ndlí ábhartha an Aontais. Chun freagairt leordhóthanach ar shárú ar dhlí an Aontais a áirithiú, dlí a bhfuil a fhoirm agus scála ag athrú go tapa, ba cheart a mheas, gach uair a ghlactar gníomh nua de chuid an Aontais atá ábhartha do chosaint comhleasanna tomhaltóirí, an gá an Iarscríbhinn leis an Treoir seo a leasú chun é a áireamh ina raon feidhme. | ar fhorálacha dhlí an Aontais a chosnaíonn ***comhleasanna*** tomhaltóirí, is cuma an dtagraítear dóibh mar thomhaltóirí nó mar thaistealaithe, úsáideoirí, custaiméirí, infheisteoirí miondíola, cliaint mhiondíola nó eile i ndlí ábhartha an Aontais***, mar aon le comhleasanna na n-ábhar sonraí de réir bhrí an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí***. Chun freagairt leordhóthanach ar shárú ar dhlí an Aontais a áirithiú, dlí a bhfuil a fhoirm agus scála ag athrú go tapa, ba cheart a mheas, gach uair a ghlactar gníomh nua de chuid an Aontais atá ábhartha do chosaint comhleasanna tomhaltóirí, an gá an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir seo a leasú chun é a áireamh ina raon feidhme. |

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 6 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(6 a) Beidh feidhm ag an Treoir seo maidir le caingne ionadaíocha a thugtar i gcoinne sáruithe ag a bhfuil tionchar leathan ar thomhaltóirí maidir leis na forálacha a chumhdaítear le dlí an Aontais a liostaítear in Iarscríbhinn I. Is tionchar leathan é nuair a dhéanann sé difear do bheirt tomhaltóirí.*** |

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (9) Níor cheart rialacha dlí phríobháidigh idirnáisiúnta a leagan síos leis an Treoir | (9) Níor cheart rialacha dlí phríobháidigh idirnáisiúnta a leagan síos leis an Treoir |

| | |
|---|---|
| seo i dtaca le dlínse, aithint agus forfheidhmiú breithiúnas nó an dlí is infheidhme. Tá feidhm ag na hionstraimí atá ann cheana i ndlí an Aontais maidir leis na caingne ionadaíocha a leagtar amach leis an Treoir seo. | seo i dtaca le dlínse, aithint agus forfheidhmiú breithiúnas nó an dlí is infheidhme. Tá feidhm ag na hionstraimí atá ann cheana i ndlí an Aontais maidir leis na caingne ionadaíocha a leagtar amach leis an Treoir seo ***a choisceann méadú ar shiopadóireacht fóraim***. |

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 9 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(9 a) Níor cheart go ndéanfadh an Treoir seo difear do chur i bhfeidhm rialacha AE maidir leis an dlí idirnáisiúnta príobháideach i gcásanna trasteorann. Tá feidhm ag Rialachán (AE) Uimh. 1215/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2012 maidir le dlínse agus le haithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála (athmhúnlú - an Bhruiséil I), Rialachán (CE) Uimh. 593/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 2008 maidir leis an dlí is infheidhme ar oibleagáidí conarthacha (An Róimh I) agus Rialachán (CE) Uimh. 864/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Iúil 2007 maidir leis an dlí is infheidhme ar oibleagáidí neamhchonarthacha (An Róimh II) maidir leis na caingne ionadaíocha a leagtar amach leis an Treoir seo.*** |

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 10**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (10) De bhrí nach féidir ach le heintitis cháilithe na caingne ionadaíocha a thabhairt, d'fhonn a áirithiú go bhfuil ionadaíocht leordhóthanach á déanamh ar chomhleasanna tomhaltóirí ba cheart do na heintitis cháilithe na critéir a leagtar síos sa Treoir seo a chomhlíonadh. Go háirithe, chaithfidís a bheith bunaithe go cuí de réir dlí Ballstáit, ***lena n-áireofaí***, mar shampla, ***ceanglais maidir leis an líon comhaltaí, an leibhéal buaine, nó*** ceanglais trédhearcachta maidir le gnéithe ábhartha dá struchtúr amhail a reachtanna bunaithe, a struchtúr bainistíochta, a gcuspóirí agus a modhanna oibre. Comhlachtaí neamhbhrabúis ba cheart a bheith iontu agus leas dlisteanach acu comhlíonadh dhlí ábhartha an Aontais a áirithiú. ***Ba cheart feidhm a bheith ag na critéir seo maidir le heintitis*** cháilithe ***atá ainmnithe roimh ré agus maidir le heintitis*** cháilithe ***ad hoc atá bunaithe le haghaidh caingean shonrach***. | (10) De bhrí nach féidir ach le heintitis ***ionadaíocha*** cháilithe na caingne ionadaíocha a thabhairt, d'fhonn a áirithiú go bhfuil ionadaíocht leordhóthanach á déanamh ar chomhleasanna tomhaltóirí, ba cheart do na heintitis ***ionadaíocha*** cháilithe na critéir a leagtar síos sa Treoir seo a chomhlíonadh. Go háirithe, chaithfidís a bheith bunaithe go cuí de réir dlí Ballstáit, ***agus ba ceart go n-áiritheofaí leis sin***, mar shampla, ceanglais trédhearcachta maidir le gnéithe ábhartha dá struchtúr amhail a reachtanna bunaithe, a struchtúr bainistíochta, a gcuspóirí agus a modhanna oibre. Comhlachtaí neamhbhrabúis ba cheart a bheith iontu agus leas dlisteanach acu comhlíonadh dhlí ábhartha an Aontais a áirithiú. ***Thairis sin, ní mór do na heintitis ionadaíocha*** cháilithe ***a bheith neamhspleách ó oibreoirí margaidh, lena n-áirítear ó thaobh airgeadais de. Ní mór nós imeachta bunaithe a bheith ag na heintitis ionadaíocha*** cháilithe ***freisin chun coinbhleacht leasa a sheachaint***. ***Ní fhorchuirfidh na Ballstáit critéir a théann níos faide ná na critéir a bhunaítear leis an Treoir seo***. |

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 15**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (15) Ba cheart an t-eintiteas cáilithe a bhfuil an chaingean ionadaíoch á tionscnamh aige faoin Treoir seo a bheith ina pháirtí sna himeachtaí dlí. Ba cheart ***deiseanna*** leordhóthanacha a bheith ag na tomhaltóirí lena mbaineann an sárú ***chun tairbhe a bhaint as*** torthaí ábhartha na | (15) Ba cheart an t-eintiteas cáilithe a bhfuil an chaingean ionadaíoch á tionscnamh aige faoin Treoir seo a bheith ina pháirtí sna himeachtaí dlí. Ba cheart ***faisnéis*** leordhóthanacha a bheith ag na tomhaltóirí lena mbaineann an sárú ***maidir le*** torthaí ábhartha na caingne ionadaíche |

| | |
|---|---|
| caingne ionadaíche. Ba cheart orduithe urghaire a eisítear faoin Treoir seo a bheith gan dochar do chaingne aonair arna dtabhairt ag tomhaltóirí a ndearnadh díobháil dóibh de dheasca an chleachtais atá faoi réir an ordaithe urghaire. | ***agus conas is féidir leo tairbhe a bhaint astu***. Ba cheart orduithe urghaire a eisítear faoin Treoir seo a bheith gan dochar do chaingne aonair arna dtabhairt ag tomhaltóirí a ndearnadh díobháil dóibh de dheasca an chleachtais atá faoi réir an ordaithe urghaire. |

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 16**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (16) Ba cheart eintitis cháilithe a bheith in ann bearta a lorg a bhfuil sé mar aidhm leo éifeachtaí leanúnacha an tsáraithe a dhíothú. Ba cheart na bearta sin a bheith i bhfoirm ordú sásaimh lena gcuirtear an trádálaí faoi oibleagáid cúiteamh, deisiú, athsholáthar, laghdú praghsanna, foirceannadh conartha nó aisíocaíocht an phraghais a íocadh, inter alia, a sholáthar, de réir mar is iomchuí agus mar atá ar fáil faoi dhlíthe náisiúnta. | (16) Ba cheart eintitis ***ionadaíocha*** cháilithe a bheith in ann bearta a lorg a bhfuil sé mar aidhm leo éifeachtaí leanúnacha an tsáraithe a dhíothú. Ba cheart na bearta sin a bheith i bhfoirm ordú sásaimh lena gcuirtear an trádálaí faoi oibleagáid cúiteamh, deisiú, athsholáthar, ***baint,*** laghdú praghsanna, foirceannadh conartha nó aisíocaíocht an phraghais a íocadh, *inter alia*, a sholáthar, de réir mar is iomchuí agus mar atá ar fáil faoi dhlíthe náisiúnta. |

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 18**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (18) ***Féadfaidh*** na Ballstáit ceangal a chur ar eintitis cháilithe leordhóthain faisnéise a sholáthar chun tacú le caingean ionadaíoch le haghaidh sásaimh, lena n-áirítear tuairisc ar an ngrúpa tomhaltóirí lena mbaineann an sárú agus na ceisteanna fíorais agus dlí atá le réiteach sa chaingean ionadaíoch. Níor cheart ceangal a bheith ar an eintiteas | (18) ***Ba cheart do*** na Ballstáit ceangal a chur ar eintitis ***ionadaíocha*** cháilithe leordhóthain faisnéise a sholáthar chun tacú le caingean ionadaíoch le haghaidh sásaimh, lena n-áirítear tuairisc ar an ngrúpa tomhaltóirí lena mbaineann an sárú agus na ceisteanna fíorais agus dlí atá le réiteach sa chaingean ionadaíoch. Níor |

| | |
|---|---|
| cáilithe gach tomhaltóir ar leith a mbaineann an sárú leo a shainaithint chun an chaingean a thionscnamh. I gcaingne ionadaíocha ar shásamh ba cheart don chúirt nó údarás riaracháin a fhíorú ag an gcéim is luaithe is féidir de na himeachtaí an bhfuil cás oiriúnach lena thabhairt mar chaingean ionadaíoch, i bhfianaise chineál an tsáraithe agus shaintréithe na ndamáistí a bhain do na tomhaltóirí lena mbaineann. | cheart ceangal a bheith ar an eintiteas cáilithe gach tomhaltóir ar leith a mbaineann an sárú leo a shainaithint chun an chaingean a thionscnamh. I gcaingne ionadaíocha ar shásamh ba cheart don chúirt nó údarás riaracháin a fhíorú ag an gcéim is luaithe is féidir de na himeachtaí an bhfuil cás oiriúnach lena thabhairt mar chaingean ionadaíoch, i bhfianaise chineál an tsáraithe agus shaintréithe na ndamáistí a bhain do na tomhaltóirí lena mbaineann. ***Go háirithe, ba cheart do na héilimh a bheith infhionnta agus aonfhoirmeach agus ba cheart comóntacht a bheith ann sna bearta a lorgaítear, agus ba cheart socruithe cistithe tríú páirtí an eintitis cháilithe a bheith trédhearcach agus saor ó choinbhleacht leasa. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú freisin go bhfuil an t-údarás ag an gcúirt nó ag an údarás riaracháin cásanna ina bhfuil sé soiléir nach bhfuil aon bhunús leo a chaitheamh amach ag an gcéim is luaithe is féidir de na himeachtaí.*** |

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 19**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(19) Ba cheart cead a bheith ag na Ballstáit cinneadh a dhéanamh an féidir lena gcúirt nó údarás náisiúnta a bhfuil caingean ionadaíoch le haghaidh sásaimh tugtha os a gcomhair, cinneadh dearbhaitheach a eisiúint go heisceachtúil, seachas ordú sásaimh, maidir le dliteanas an trádálaí do thomhaltóirí a ndearnadh díobháil dóibh de dheasca sárú, agus ar cinneadh é a bhféadfaí brath go díreach air i gcaingne sásaimh a thógfadh tomhaltóirí aonair ina dhiaidh sin. Ba cheart an deis sin a*** | ***scriosta*** |

***bheith teoranta do chásanna a bhfuil údar cuí leo nuair atá cainníochtú an tsásaimh aonair atá le sannadh do gach tomhaltóir a mbaineann an chaingean ionadaíoch leis casta agus bheadh sé mí-éifeachtúil an cainníochtú sin a dhéanamh sa chaingean ionadaíoch. Níor cheart cinntí dearbhaitheacha a eisiúint i gcásanna nach bhfuil casta agus go háirithe i gcásanna ina bhfuil na tomhaltóirí lena mbaineann in-sainaitheanta agus inar bhain díobháil inchomparáide do na tomhaltóirí i ndáil le tréimhse ama nó ceannachán. Ar an gcuma chéanna, níor cheart cinntí dearbhaitheacha a eisiúint i gcás ina bhfuil méid an chaillteanais a bhain do gach tomhaltóir aonair chomh beag sin nach dócha go ndéanfaidh tomhaltóirí aonair éileamh ar shásamh aonair. Ba cheart don chúirt nó don údarás náisiúnta réasúnú iomchuí a thabhairt maidir le cinneadh dearbhaitheach a eisiúint seachas ordú sásaimh i gcás ar leith.***

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 20**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(20) I gcás ina bhfuil tomhaltóirí a mbaineann an cleachtas céanna leo inaitheanta agus gur bhain díobháil inchomparáide dóibh i ndáil le tréimhse ama nó ceannachán, i gcás conarthaí fadtéarmacha tomhaltóirí mar shampla, féadfaidh an chúirt nó údarás riaracháin an grúpa tomhaltóirí a mbaineann an sárú leo a shainiú go soiléir i gcúrsa na caingne ionadaíche. Go háirithe, d'fhéadfadh an chúirt nó údarás riaracháin iarraidh ar an trádálaí a rinne*** | ***scriosta*** |

***sárú faisnéis ábhartha a sholáthar, amhail céannacht na dtomhaltóirí lena mbaineann agus fad an chleachtais. Ar chúiseanna luais agus éifeachtúlachta, sna cásanna seo ba cheart do na Ballstáit, i gcomhréir lena ndlíthe náisiúnta, breithniú a dhéanamh ar an deis a sholáthar do thomhaltóirí tairbhe dhíreach a bhaint as ordú sásaimh i ndiaidh eisiúint an ordaithe gan é a bheith riachtanach a sainordú aonair a thabhairt sula n-eisítear an t-ordú sásaimh.***

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 21**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(21) I gcásanna íseal-luacha ní dócha go dtabharfaidh mórán tomhaltóirí caingean chun a gcearta a fhorfheidhmiú mar nárbh fhiú an tairbhe an trioblóid don duine aonair. Má tá an cleachtas céanna i gceist i gcás roinnt tomhaltóirí áfach, d'fhéadfadh an caillteanas comhiomlán a bheith suntasach. I gcásanna den sórt sin, féadfaidh cúirt nó údarás a mheas go bhfuil sé díréireach cistí a dháileadh ar na tomhaltóirí lena mbaineann, mar go bhfuil an iomarca dua ag baint leis nó mar go bhfuil sé neamhphraiticiúil mar shampla. Dá bhrí sin, bheadh sé níos fearr na cistí a fhaightear mar shásamh trí chaingne ionadaíocha a úsáid chun críche comhleasanna tomhaltóirí a chosaint agus ba cheart iad a dhíriú ar chuspóir poiblí ábhartha, amhail ciste cúnaimh dlí do thomhaltóirí, feachtais feasachta nó gluaiseachtaí tomhaltóirí.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 23**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (23) Déantar foráil sa Treoir seo maidir le sásra nós imeachta, nach ndéanann difear do na rialacha lena mbunaítear cearta substainteacha tomhaltóirí do leigheasanna conarthacha agus neamhchonarthacha sa chás go ndearna sárú díobháil dá leasanna, cosúil leis an gceart chun cúitimh le haghaidh damáistí, foirceannadh conartha, aisíocaíocht, athsholáthar, deisiú nó praghsanna a laghdú. Ní fhéadfar caingean ionadaíoch ag lorg sásaimh faoin Treoir seo a thabhairt ach sa chás go ndéanann dlí an Aontais nó an dlí náisiúnta foráil maidir le cearta substainteacha den sórt sin. | (23) Déantar foráil sa Treoir seo maidir le sásra nós imeachta, nach ndéanann difear do na rialacha lena mbunaítear cearta substainteacha tomhaltóirí do leigheasanna conarthacha agus neamhchonarthacha sa chás go ndearna sárú díobháil dá leasanna, amhail an ceart chun cúitimh le haghaidh damáistí, foirceannadh conartha, aisíocaíocht, athsholáthar, ***baint,*** deisiú nó praghsanna a laghdú. Ní fhéadfar caingean ionadaíoch ag lorg sásaimh faoin Treoir seo a thabhairt ach i gcás ina ndéanann dlí an Aontais nó an dlí náisiúnta foráil maidir le cearta substainteacha den sórt sin. |

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 24**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (24) Ní ghabhann an Treoir seo ionad na sásraí comhshásaimh náisiúnta atá ann cheana. Ag cur a dtraidisiúin dlí san áireamh, is faoi dhiscréid na mBallstát atá sé an chaingean ionadaíoch a leagtar amach sa Treoir seo a dhearadh mar chuid de shásra comhshásaimh atá ann cheana nó a bheidh ann amach anseo nó mar rogha mhalartach ar na sásraí seo, sa mhéid go gcloíonn an sásra náisiúnta leis na rialacha mionsonraithe a leagtar amach sa Treoir seo. | (24) ***Tá comhchuibhiú íosta mar aidhm leis an Treoir seo agus*** ní ghabhann ***sí*** ionad na sásraí comhshásaimh náisiúnta atá ann cheana. Ag cur a dtraidisiúin dlí san áireamh, is faoi dhiscréid na mBallstát atá sé an chaingean ionadaíoch a leagtar amach sa Treoir seo a dhearadh mar chuid de shásra comhshásaimh atá ann cheana nó a bheidh ann amach anseo nó mar rogha mhalartach ar na sásraí seo, sa mhéid go gcloíonn an sásra náisiúnta leis na rialacha mionsonraithe a leagtar amach sa Treoir seo. ***Ní chuireann sí cosc ar na Ballstáit a gcreat atá ann cheana a chothabháil, nó ní chuireann sí faoi oibleagáid na mBallstát é a leasú. Beidh an deis ag na*** |

***Ballstáit na rialacha dá bhforáiltear sa Treoir seo a chur chun feidhme ina gcóras comhshásaimh féin nó iad a chur chun feidhme i nós imeachta ar leith.***

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 25**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (25) Ar feadh fad iomlán na caingne, ba cheart eintitis cháilithe a bheith go hiomlán trédhearcach maidir le foinse mhaoiniú a ngníomhaíochta go ginearálta agus maidir leis na cistí atá ag tacú le caingean ionadaíoch shonrach maidir le sásamh ionas go mbeidh na cúirteanna nó na húdaráis riaracháin in ann a mheas an ann do choinbhleacht leasa idir ***an*** maoinitheoir tríú páirtí agus an t-eintiteas cáilithe agus chun rioscaí dlíthíochta mí-úsáidí a sheachaint agus chun a mheas an bhfuil leordhóthain acmhainní ag an ***maoinitheoir tríú páirtí chun a ghealltanais airgeadais don eintiteas cáilithe a chomhlíonadh***. Leis an bhfaisnéis a sholáthraíonn an t-eintiteas cáilithe don chúirt nó don údarás riaracháin atá i mbun maoirseachta ar an gcaingean ionadaíoch, ba cheart an chúirt nó an t-údarás sin a bheith in ann a mheas an bhféadfadh tríú páirtí tionchar a imirt ar chinntí nós imeachta an eintitis cháilithe i gcomhthéacs na caingne ionadaíche, lena n-áirítear maidir le socraíochtaí, agus an bhfuil sé ag cur maoiniú ar fáil do chaingean ionadaíoch le haghaidh sásaimh i gcoinne cosantóir ar iomaitheoir de chuid sholáthróir an mhaoinithe é nó i gcoinne cosantóir a bhfuil soláthróir an mhaoinithe spleách air. Má dheimhnítear aon cheann de na himthosca sin, ***ba cheart*** an chumhacht a bheith ag an gcúirt nó údarás riaracháin chun ceangal a chur ar an | (25) Ba cheart eintitis ***ionadaíocha*** cháilithe a bheith go hiomlán trédhearcach maidir le foinse mhaoiniú a ngníomhaíochta go ginearálta agus maidir leis na cistí atá ag tacú le caingean ionadaíoch shonrach maidir le sásamh ionas go mbeidh na cúirteanna nó na húdaráis riaracháin in ann a mheas an ann do choinbhleacht leasa agus chun rioscaí dlíthíochta mí-úsáidí a sheachaint agus chun a mheas an bhfuil leordhóthain acmhainní ag an eintiteas ***ionadaíoch*** cáilithe chun ***ionadaíocht a dhéanamh ar leasanna is fearr na dtomhaltóirí lena mbaineann agus chun gach costas dlíthiúil is gá a sheasamh i gcás ina dteipfeadh leis an gcaingean***. Leis an bhfaisnéis a sholáthraíonn an t-eintiteas cáilithe ***ag an gcéim is luaithe de na himeachtaí*** don chúirt nó don údarás riaracháin atá i mbun maoirseachta ar an gcaingean ionadaíoch, ba cheart don chúirt nó údarás sin a bheith in ann a mheas an bhféadfadh tríú páirtí tionchar a imirt ar chinntí nós imeachta an eintitis cháilithe ***go ginearálta agus*** i gcomhthéacs na caingne ionadaíche, lena n-áirítear maidir le socraíochtaí, agus an bhfuil sé ag cur maoiniú ar fáil do chaingean ionadaíoch le haghaidh sásaimh i gcoinne cosantóir ar iomaitheoir de chuid sholáthróir an mhaoinithe é nó i gcoinne cosantóir a bhfuil soláthróir an mhaoinithe spleách air. |

| | |
|---|---|
| eintiteas cáilithe an maoiniú ábhartha a dhiúltú agus, más gá, chun seasamh an eintitis cháilithe a dhiúltú i gcás sonrach. | Má dheimhnítear aon cheann de na himthosca sin, ***ní mór*** an chumhacht a bheith ag an gcúirt nó údarás riaracháin ceangal a chur ar an eintiteas cáilithe an maoiniú ábhartha a dhiúltú agus, más gá, chun seasamh an eintitis cháilithe a dhiúltú i gcás sonrach. ***Ba cheart do na Ballstáit cosc a chur ar ghnólachtaí dlí eintitis ionadaíocha cháilithe a bhunú. Maoiniú indíreach na caingne trí dheontais, lena n-áirítear deontais ó thrádálaithe faoi chuimsiú tionscnaimh freagrachta sóisialta corparáidí, beidh sé incháilithe chun maoiniú tríú páirtí a fháil ar choinníoll go gcomhlíonfaí na ceanglais a liostaítear in Airteagal 4 agus in Airteagal 7 maidir le trédhearcacht, neamhspleáchas agus nach ann do choinbhleacht leasa.*** |

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 26**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (26) Ba cheart comhshocraíochtaí lasmuigh den chúirt a bhfuil sé mar aidhm leo sásamh a sholáthar do thomhaltóirí a ndearnadh díobháil dóibh a spreagadh sula dtugtar an chaingean ionadaíoch agus ag aon chéim den chaingean ionadaíoch. | (26) Ba cheart comhshocraíochtaí lasmuigh den chúirt***, amhail idirghabháil,*** a bhfuil sé mar aidhm leo sásamh a sholáthar do thomhaltóirí a ndearnadh díobháil dóibh a spreagadh sula dtugtar an chaingean ionadaíoch agus ag aon chéim den chaingean ionadaíoch. |

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 27**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (27) Féadfaidh na Ballstáit foráil a | (27) Féadfaidh na Ballstáit foráil a |

| | |
|---|---|
| dhéanamh gur féidir le heintiteas cáilithe agus trádálaí a tháinig ar shocraíocht maidir le sásamh do thomhaltóirí a ndearna cleachtas neamhdhleathach líomhnaithe an trádálaí sin difear dóibh iarratas comhpháirteach a dhéanamh go bhfaomhfadh cúirt nó údarás riaracháin an tsocraíocht sin. Níor cheart don chúirt nó don údarás riaracháin iarratas den sórt sin a cheadú má tá aon chaingean ionadaíoch eile ag dul ar aghaidh maidir leis an gcleachtas céanna. Ní mór don chúirt inniúil nó don údarás riaracháin inniúil a bhfuil comhshocraíocht den sórt sin á faomhadh aici nó aige, leasanna agus cearta na bpáirtithe uile lena mbaineann a chur san áireamh, tomhaltóirí aonair san áireamh. ***Tabharfar an deis do na tomhaltóirí aonair lena mbaineann glacadh lena bheith faoi cheangal ag an tsocraíocht sin. nó diúltú dó sin***. | dhéanamh gur féidir le heintiteas cáilithe agus trádálaí a tháinig ar shocraíocht maidir le sásamh do thomhaltóirí a ndearna cleachtas neamhdhleathach líomhnaithe an trádálaí sin difear dóibh iarratas comhpháirteach a dhéanamh go bhfaomhfadh cúirt nó údarás riaracháin an tsocraíocht sin. Níor cheart don chúirt nó don údarás riaracháin iarratas den sórt sin a cheadú má tá aon chaingean ionadaíoch eile ag dul ar aghaidh maidir leis an gcleachtas céanna. Ní mór don chúirt inniúil nó don údarás riaracháin inniúil a bhfuil comhshocraíocht den sórt sin á faomhadh aici nó aige, leasanna agus cearta na bpáirtithe uile lena mbaineann a chur san áireamh, tomhaltóirí aonair san áireamh. ***Ba ceart na socraíochtaí a bheith críochnaitheach agus ina gceangal ar na páirtithe uile***. |

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 29**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(29) Chun sásamh a éascú le haghaidh tomhaltóirí aonair ar bhonn cinntí dearbhaitheacha críochnaitheacha, a eisítear i gcaingne ionadaíocha, maidir le dliteanas an trádálaí i leith na dtomhaltóirí a ndearna díobh dóibh de dheasca sárú, ba cheart an chumhacht a bheith ag an gcúirt nó ag an údarás riaracháin a d'eisigh an cinneadh a iarraidh ar an eintiteas cáilithe agus ar an trádálaí teacht ar chomhshocraíocht.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 30**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (30) Aon socraíocht lasmuigh den chúirt a dhéantar i gcomhthéacs caingean ionadaíoch ***nó a bhunaítear ar chinneadh dearbhaitheach críochnaitheach***, ba cheart í a bheith faofa ag an gcúirt ábhartha nó ag an údarás riaracháin ábhartha lena dlíthiúlacht agus a cothroime a áirithiú, ag cur leasanna agus chearta na bpáirtithe ar fad lena mbaineann san áireamh. ***Tabharfar an deis do*** na tomhaltóirí ***aonair*** lena mbaineann ***glacadh lena bheith faoi cheangal ag an tsocraíocht sin nó diúltú dó sin***. | (30) Aon socraíocht lasmuigh den chúirt a dhéantar i gcomhthéacs caingean ionadaíoch, ba cheart í a bheith faofa ag an gcúirt ábhartha nó ag an údarás riaracháin ábhartha lena dlíthiúlacht agus a cothroime a áirithiú, ag cur leasanna agus chearta na bpáirtithe ar fad lena mbaineann san áireamh. ***Beidh na socraíochtaí ina gceangal ar na páirtithe uile gan dochar d'aon chearta breise sásaimh a d'fhéadfaí a bheith ag*** na tomhaltóirí lena mbaineann ***faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta.*** |

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 32**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (32) Le bheith éifeachtach, ba cheart an fhaisnéis a bheith leordhóthanach agus comhréireach le himthosca an cháis. Ba cheart ***don trádálaí a rinne sárú*** na tomhaltóirí ar fad lena mbaineann a chur ar an eolas go hiomchuí faoi ***orduithe*** urghaire críochnaitheacha agus faoi orduithe sásaimh críochnaitheacha a eisítear le linn na caingne ionadaíche***, agus*** faoi aon socraíocht atá faofa ag cúirt nó údarás riaracháin ***chomh maith***. Féadfar faisnéis den sórt sin a sholáthar mar shampla ar shuíomh gréasáin ***an trádálaí***, ar na meáin shóisialta, ar mhargaí ar líne, nó i nuachtáin mhóréilimh, lena n-áirítear iad sin a dháiltear ar mhodhanna leictreonacha cumarsáide amháin. ***Más féidir, ba cheart gach tomhaltóir ar leith a*** | (32) Le bheith éifeachtach, ba cheart an fhaisnéis a bheith leordhóthanach agus comhréireach le himthosca an cháis. Ba cheart do ***na Ballstáit a áirithiú go bhféadfadh an chúirt nó an t-údarás riaracháin a cheangal ar an bpáirtí cloíte*** na tomhaltóirí ar fad lena mbaineann a chur ar an eolas go hiomchuí faoi ***chinneadh*** críochnaitheach ***maidir le hurghaire agus sásamh*** a eisítear le linn na caingne ionadaíche, agus ***é a cheangal ar an dá pháirtí i gcásanna in bhfuil*** socraíocht atá faofa ag an gcúirt nó ag údarás riaracháin. Féadfar faisnéis den sórt sin a sholáthar mar shampla ar shuíomh gréasáin, ar na meáin shóisialta, ar mhargaí ar líne, nó i nuachtáin mhóréilimh, lena n-áirítear iad sin a dháiltear trí mhodhanna leictreonacha |

| | |
|---|---|
| ***chur ar an eolas trí litreacha leictreonacha nó páipéir.*** Ba cheart an fhaisnéis sin a sholáthar i bhformáidí inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas arna iarraidh sin. | cumarsáide amháin. Ba cheart an fhaisnéis sin a sholáthar i bhformáidí inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas arna iarraidh sin. ***Íocfaidh an páirtí cloíte costais na faisnéise do thomhaltóirí.*** |

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 32 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(32a) Ba cheart go spreagfaí na Ballstáit clár náisiúnta do chaingne ionadaíocha a bhunú saor ó tháille, a d'fhéadfadh na hoibleagáidí trédhearcachta a fheabhsú.*** |

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 33**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (33) Chun deimhneacht dhlíthiúil a fheabhsú, neamhréir a sheachaint i gcur i bhfeidhm dhlí an Aontais agus éifeachtacht agus éifeachtúlacht nós imeachta i gcás caingne ionadaíocha agus na gcaingne le haghaidh sásaimh a d'fhéadfadh leanúint astu, nuair a chinntear gurb ann do shárú le cinneadh críochnaitheach, lena n-áirítear ordú urghaire críochnaitheach faoin Treoir seo, arna eisiúint ag údarás riaracháin nó cúirt, ***níor cheart an cinneadh sin a chur chun dlí arís i gcaingne dlí ina dhiaidh sin a bhaineann leis an sárú*** céanna ag an trádálaí céanna ***i ndáil le cineál an tsáraithe agus scóip ábhartha, phearsanta, ama agus chríochach an tsáraithe mar a shainítear sin leis an gcinneadh críochnaitheach sin***. Nuair a | (33) Chun deimhneacht dhlíthiúil a fheabhsú, neamhréir a sheachaint i gcur i bhfeidhm dhlí an Aontais agus éifeachtacht agus éifeachtúlacht nós imeachta i gcás caingne ionadaíocha agus na gcaingne le haghaidh sásaimh a d'fhéadfadh leanúint astu, nuair a chinntear gurb ann do shárú ***nó do neamh-shárú*** le cinneadh críochnaitheach, lena n-áirítear ordú urghaire críochnaitheach faoin Treoir seo, arna eisiúint ag údarás riaracháin nó cúirt, ***ba cheart an cinneadh sin a bheith ina cheangal ar na páirtithe uile a bhí rannpháirteach sa chaingean ionadaíoch***. ***Ba cheart an cinneadh críochnaitheach a bheith gan dochar d'aon chearta breise sásaimh a d'fhéadfaí a bheith ag na tomhaltóirí lena mbaineann faoi dhlí an*** |

| | |
|---|---|
| dhéantar caingean a thabhairt ag lorg bearta chun éifeachtaí leanúnacha an tsáraithe a dhíothú, lena n-áirítear sásamh, i mBallstát seachas sa Bhallstát inar eisíodh cinneadh críochnaitheach gurbh ann don sárú sin, ba cheart an cinneadh sin a bheith ina ***thoimhde infhrisnéise*** gur tharla an sárú. | ***Aontais nó faoin dlí náisiúnta. Ba cheart an sásamh a fhaightear tríd an tsocraíocht a bheith ceangailteacht freisin i gcásanna lena mbaineann an cleachtas céanna,*** an trádálaí céanna ***agus an tomhaltóir céanna***. Nuair a dhéantar caingean a thabhairt ag lorg bearta chun éifeachtaí leanúnacha an tsáraithe a dhíothú, lena n-áirítear sásamh, i mBallstát seachas sa Bhallstát inar eisíodh cinneadh críochnaitheach gurbh ann don sárú sin ***nó don neamh-shárú sin***, ba cheart an cinneadh sin a bheith ina ***fhianaise*** gur tharla an sárú ***nó nár tharla an sárú i gcásanna lena mbaineann***. ***Áiritheoidh na Ballstáit maidir le cinneadh críochnaitheach ó chúirt Bhallstáit amháin lena mbunaítear gurb ann nó nach ann don sárú chun críocha aon chaingne eile lena lorgaítear sásamh os comhair a gcúirteanna náisiúnta i gcoinne an trádálaí chéanna maidir leis an sárú céanna, go measfar an cinneadh críochnaitheach sin a bheith ina thoimhde infhrisnéise.*** |

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 35**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (35) Nuair atá caingean le haghaidh sásaimh bunaithe ar shárú a bheith ann de réir ordú urghaire críochnaitheach ***nó de réir cinneadh dearbhaitheach críochnaitheach*** maidir le dliteanas an trádálaí i leith na dtomhaltóirí a ndearnadh díobháil dóibh faoin Treoir seo, níor cheart na rialacha náisiúnta maidir le tréimhsí teorann a bheith ina mbac ar an gcaingean sin. Má a thionscnaítear caingean ionadaíoch, beidh sé d'éifeacht aige sin go gcuirfear ar fionraí na tréimhsí teorann | (35) Nuair atá caingean le haghaidh sásaimh bunaithe ar shárú a bheith ann de réir ordú urghaire críochnaitheach maidir le dliteanas an trádálaí i leith na dtomhaltóirí a ndearnadh díobháil dóibh faoin Treoir seo, níor cheart na rialacha náisiúnta maidir le tréimhsí teorann a bheith ina mbac ar an gcaingean sin. Beidh sé d'éifeacht ag tíolacadh caingne ionadaíche go gcuirfear ar fionraí na tréimhsí teorann d'aon chaingean sásaimh le haghaidh na dtomhaltóirí a mbaineann an chaingean sin |

d'aon chaingean sásaimh le haghaidh na dtomhaltóirí a mbaineann an chaingean sin leo nó go gcuirfear briseadh sna tréimhsí sin.

leo nó go gcuirfear briseadh sna tréimhsí sin.

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 39**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (39) Ós rud é gur le leas an phobail caingne ionadaíocha toisc go ndéantar chomhleasanna tomhaltóirí a chosaint leo, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú nach gcuirtear cosc ar eintitis cháilithe caingne ionadaíocha a thabhairt faoin Treoir seo de dheasca na gcostas a bhaineann leis na nósanna imeachta. | (39) Ós rud é go mbíonn leas an phobail ina chuspóir ag caingne ionadaíocha trí chomhleasanna tomhaltóirí a chosaint leo, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú nach gcuirtear cosc ar eintitis ***ionadaíocha*** cháilithe caingne ionadaíocha a thabhairt faoin Treoir seo de dheasca na gcostas a bhaineann leis na nósanna imeachta. ***Faoi réir na gcoinníollacha ábhartha faoin dlí náisiúnta, áfach, ba cheart go mbeadh sé sin gan dochar don fhíoras go n-aisíocann an páirtí a chailleann an chaingean ionadaíoch na costais dhlíthiúla is gá ón bpáirtí buaiteach (an prionsabal go n-íocann an cailliúnaí). Níor cheart, áfach, go ndéanfadh an chúirt nó an t-údarás riaracháin costais a dhámhachtain don pháirtí nár éirigh leis sa mhéid go ndearnadh iad a thabhú go neamhriachtanach nó go bhfuil siad díréireach leis an éileamh.*** |

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 39 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(39a) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go seachnófar táillí teagmhasacha agus*** |

***nach gcruthófar trí tháillí dlíodóirí nó tríd an mhodh a ríomhtar iad aon dreasacht chun dlíthíochta nach bhfuil gá leis ó thaobh leas na dtomhaltóirí nó aon de na páirtithe lena mbaineann de agus a d'fhéadfaí bac a chur ar thomhaltóirí tairbhe iomlán a bhaint as an gcaingean ionadaíoch. Ba cheart do na Ballstáit a cheadaíonn táillí teagmhasacha a áirithiú nach bhfuil táillí den sórt sin ina mbac ag tomhaltóirí chun lánchúiteamh a bhaint amach.***

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 40**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (40) Chonacthas cheana go bhfuil an comhar agus an malartú faisnéise idir eintitis cháilithe ó Bhallstáit dhifriúla úsáideach chun aghaidh a thabhairt ar sháruithe trasteorann. Is gá leanúint de na bearta neartaithe acmhainní agus comhair, agus is gá iad a leathnú chuig líon níos mó eintiteas cáilithe ar fud an Aontais chun úsáid caingne ionadaíocha a bhfuil impleachtaí trasteorann acu a mhéadú. | (40) Chonacthas cheana go bhfuil comhar agus malartú faisnéise***, dea-chleachtais agus taithí*** idir eintitis ***ionadaíocha*** cháilithe ó Bhallstáit dhifriúla úsáideach chun aghaidh a thabhairt ar sháruithe trasteorann. Is gá leanúint de na bearta neartaithe acmhainní agus comhair, agus is gá iad a leathnú chuig líon níos mó eintiteas ***ionadaíoch*** cáilithe ar fud an Aontais chun úsáid caingne ionadaíocha a bhfuil impleachtaí trasteorann acu a mhéadú. |

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 41 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(41a) Chun a fhiosrú an bhféadfaí chun nós imeachta a reáchtáil ar leibhéal an Aontais do chaingne ionadaíocha trasteorann, ba cheart don Choimisiún a mheasúnú an bhféadfaí Ombudsman*** |

***Eorpach do chomhshásamh a bhunú.***

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Leis an Treoir seo leagtar amach rialacha a chuireann ar a gcumas d'eintitis cháilithe caingne ionadaíocha a thabhairt atá dírithe ar comhleasanna tomhaltóirí a chosaint, agus áirithítear go bhfuil cosaintí iomchuí ann chun dlíthíocht mhí-úsáideach a sheachaint. | 1. Leis an Treoir seo leagtar amach rialacha a chuireann ar a gcumas d'eintitis ***ionadaíocha*** cháilithe caingne ionadaíocha a thabhairt atá dírithe ar comhleasanna tomhaltóirí a chosaint, ***agus dá réir sin, go háirithe, ardleibhéal cosanta agus rochtain ar cheartas a bhaint amach agus a fhorfheidhmiú,*** agus ***ag an am céanna,*** áirithítear go bhfuil cosaintí iomchuí ann chun dlíthíocht mhí-úsáideach a sheachaint. |

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Ní chuirfidh an Treoir seo cosc ar na Ballstáit forálacha a ghlacadh nó a choimeád i bhfeidhm atá ceaptha chun modhanna nós imeachta inchomparáide a chur ar fáil d’eintitis cháilithe nó d’aon ***duine eile lena mbaineann*** chun caingne a thabhairt atá dírithe ar chomhleasanna | 2. Ní chuirfidh an Treoir seo cosc ar na Ballstáit forálacha a ghlacadh nó a choimeád i bhfeidhm atá ceaptha chun modhanna nós imeachta inchomparáide a chur ar fáil d’eintitis ***ionadaíocha*** cháilithe nó d’aon ***chomhlacht poiblí*** chun caingne a thabhairt atá dírithe ar chomhleasanna |

tomhaltóirí a chosaint ar an leibhéal náisiúnta.

tomhaltóirí a chosaint ar an leibhéal náisiúnta. ***Ní bheidh cur chun feidhme na Treorach seo in imthosca ar bith ina fhoras chun laghdú a dhéanamh ar chosaint an tomhaltóra sna réimsí a chumhdaítear faoi raon feidhme dhlí an Aontais.***

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 2 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Beidh feidhm ag an Treoir seo maidir le caingne ionadaíocha a thugtar i gcoinne sáruithe amhrasta ag trádálaithe ar na forálacha de chuid dhlí an Aontais a liostaítear in Iarscríbhinn I a dhéanann díobháil do chomhleasanna tomhaltóirí nó a d’fhéadfadh díobháil a dhéanamh dóibh. Beidh feidhm aici maidir le sáruithe intíre agus trasteorann, lena n-áirítear cásanna ina bhfuil deireadh tagtha leis na sáruithe sula bhfuil tús curtha leis an gcaingean ionadaíoch nó sula bhfuil críoch curtha leis an gcaingean ionadaíoch. | 1. Beidh feidhm ag an Treoir seo maidir le caingne ionadaíocha a thugtar i gcoinne sáruithe ***le tionchar leathan ar thomhaltóirí*** ag trádálaithe ar na forálacha de chuid dhlí an Aontais a liostaítear in Iarscríbhinn I a dhéanann comhleasanna tomhaltóirí ***a chosaint***. Beidh feidhm aici maidir le sáruithe intíre agus trasteorann, lena n-áirítear cásanna ina bhfuil deireadh tagtha leis na sáruithe sula bhfuil tús curtha leis an gcaingean ionadaíoch nó sula bhfuil críoch curtha leis an gcaingean ionadaíoch. |

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 2 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Ní dochar an Rialachán seo do rialacha an Aontais maidir leis an dlí príobháideach idirnáisiúnta, go háirithe rialacha a bhaineann le dlínse cúirteanna ***agus na dlíthe*** is infheidhme. | 3. Tá an Treoir seo gan dochar do rialacha an Aontais maidir leis an dlí idirnáisiúnta príobháideach, go háirithe na rialacha a bhaineann le dlínse cúirte, ***le haithint agus forfheidhmiú breithiúnas in ábhair shibhialta agus thráchtála agus leis an dlí*** is infheidhme ***maidir le hoibleagáidí conarthacha agus neamhchonarthacha, a bhfuil feidhm acu i leith na gcaingne ionadaíocha a leagtar amach sa Treoir seo***. |

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 2 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3 a. Tá an Treoir seo gan dochar do chineálacha eile sásraí sásaimh dá bhforáiltear sa dlí náisiúnta.*** |

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 2 – mír 3 b (nua)**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| | ***3 b. Leis an Treoir seo, urramaítear na cearta bunúsacha agus comhlíontar na prionsabail a aithnítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus sa Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine, agus go háirithe an ceart chun triail chóir agus neamhchlaonta a fháil agus an ceart chun leigheas éifeachtach a fháil.*** |

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 1 a (nua)**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| | ***(1 a) ciallaíonn 'eagraíocht tomhaltóirí' aon ghrúpa a fhéachann le leasanna tomhaltóirí a chosaint ar ghníomhaíochtaí neamhdhleathacha nó neamhghníomhaíochtaí a rinne trádálaithe.*** |

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (2) ciallaíonn ‘trádálaí’ aon duine nádúrtha nó dlítheanach, gan beann ar é a bheith faoi úinéireacht phríobháideach nó phoiblí, atá ag gníomhú, lena n-áirítear trí aon duine eile atá ag gníomhú faoi ainm an duine nó thar a cheann, chun críoch a bhfuil baint acu lena thrádáil, lena ghnó, lena cheird nó lena ghairm; | (2) ciallaíonn ‘trádálaí’ aon duine nádúrtha nó dlítheanach, gan beann ar é a bheith faoi úinéireacht phríobháideach nó phoiblí, atá ag gníomhú ***ar bhonn sibhialta faoi rialacha an dlí sibhialta***, lena n-áirítear trí aon duine eile atá ag gníomhú faoi ainm an duine nó thar a cheann, chun críocha a bhfuil baint acu lena thrádáil, lena ghnó, lena cheird nó lena ghairm; |

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (3) ciallaíonn ‘comhleasanna tomhaltóirí’ na leasanna atá ag líon áirithe tomhaltóirí; | (3) ciallaíonn ‘comhleasanna tomhaltóirí’ na leasanna atá ag líon áirithe tomhaltóirí ***nó ag ábhair sonraí mar a sainmhínítear i Rialachán (AE) 2016/679 (Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí)***; |

**Leasú 40**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 6 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(6 a) ciallaíonn ‘dlí tomhaltais’ dlí an Aontais agus an dlí náisiúnta a ghlactar*** |

| | |
|---|---|
| | ***chun tomhaltóirí a chosaint;*** |

**Leasú 41**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 4 – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Eintitis cháilithe | Eintitis ***ionadaíocha*** cháilithe |

**Leasú 42**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 4 – mír 1 – fomhír 2 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Ainmneoidh na Ballstáit nó a gcúirteanna laistigh dá gcríocha faoi seach eintiteas ionadaíoch cáilithe amháin ar a laghad chun críche caingne ionadaíocha a thabhairt de réir bhrí Airteagal 3(4).*** |
| Ainmneoidh na Ballstáit eintiteas ina eintiteas cáilithe má chomhlíonann sé na critéir seo a leanas: | Ainmneoidh na Ballstáit eintiteas ina eintiteas ***ionadaíoch*** cáilithe má chomhlíonann sé na critéir ***uile*** seo a leanas: |

**Leasú 43**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 4 – mír 1 – fomhír 2 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) ***tá*** leas dlisteanach aige a áirithiú go gcomhlíontar na forálacha de chuid dhlí an Aontais a chumhdaítear leis an Treoir seo; | (b) ***ina reachtanna nó i ndoiciméad rialachais eile agus ina chuid gníomhaíochtaí leanúnacha a bhaineann le leasanna tomhaltóirí a chosaint agus a choinneáil slán, taispeántar*** an leas dlisteanach atá aige a áirithiú go gcomhlíontar na forálacha de chuid dhlí an Aontais a chumhdaítear leis an Treoir seo; |

**Leasú 44**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 4 – mír 1 – fomhír 2 – pointe c a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(c a) gníomhaíonn sé i mbealach atá neamhspleách ó eintitis eile agus ó dhaoine cé is moite de thomhaltóirí a d'fhéadfadh leas eacnamaíoch a bheith acu i dtoradh na caingne ionadaíche, go háirithe ó oibreoirí margaidh;*** |

**Leasú 45**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – fomhír 2 – pointe c b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(c b) níl aon comhaontuithe airgeadais aife le ó ghnólachtaí dlí do ghearánaithe cé is moite de ghnáthchonradh seirbhíse;*** |

**Leasú 46**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 4 – mír 1 – fomhír 2 – pointe c c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(c c) tá nósanna imeachta inmheánacha bunaithe aige chun coinbhleacht leasa idir é féin agus a chisteoirí a sheachaint;*** |

**Leasú 47**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 4 – mír 1 – fomhír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Déanfaidh na Ballstáit foráil go nochtfaidh na heintitis ionadaíocha cháilithe go poiblí, trí mhodhanna iomchuí, amhail ar a suíomh idirlín, i dteanga shimplí agus shothuigthe, an bealach a fhaigheann siad maoiniú, a struchtúr eagraíochtúil agus bainistíochta, a gcuspóir agus a modhanna oibre mar aon lena*** |

***ngníomhaíochtaí.***

| | |
|---|---|
| Déanfaidh na Ballstáit a mheas ar bhonn rialta an gcomhlíonann eintiteas cáilithe leis na critéir seo fós. Áiritheoidh na Ballstáit go gcaillfidh an t-eintiteas cáilithe a stádas faoin Treoir seo mura gcomhlíonann sé a thuilleadh ceann amháin nó níos mó de na critéir a liostaítear sa chéad fhomhír. | Déanfaidh na Ballstáit a mheas ar bhonn rialta an gcomhlíonann eintiteas ***ionadaíoch*** cáilithe leis na critéir seo fós. Áiritheoidh na Ballstáit go gcaillfidh an t-eintiteas ***ionadaíoch*** cáilithe a stádas faoin Treoir seo mura gcomhlíonann sé a thuilleadh ceann amháin nó níos mó de na critéir a liostaítear sa chéad fhomhír. |
| | ***Bunóidh na Ballstáit liosta na n-eintiteas ionadaíoch a chomhlíonann na critéir a liostaítear i mír 1 agus cuirfidh siad ar fail go poiblí é. Cuirfidh siad an liosta faoi bhráid an Choimisiúin agus é nuashonraithe más gá.*** |
| | ***Foilseoidh an Coimisiún liosta na n-eintiteas ionadaíoch a fhaightear ó na Ballstáit ar thairseach ar líne a bhfuil rochtain ag an bpobal uirthi.*** |

**Leasú 48**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 4 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1 a. D'fhéadfadh na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir leis na comhlachtaí poiblí a ainmníodh cheana féin roimh theacht i bhfeidhm na Treorach seo i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, go mbeidh siad incháilithe i gcónaí do stádas an eintitis ionadaíche de réir bhrí an Airteagail seo.*** |

**Leasú 49**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 4 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***2. Féadfaidh na Ballstáit eintiteas cáilithe a ainmniú ar bhonn ad hoc le haghaidh caingean ionadaíoch ar leith, arna iarraidh sin dó, má chomhlíonann sé na critéir dá dtagraítear i mír 1.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 50**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 4 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Áiritheoidh na Ballstáit nach bhfuil ach eagraíochtaí tomhaltóirí ***agus comhlachtaí*** poiblí ***neamhspleácha*** incháilithe le haghaidh stádas an eintitis cháilithe. Féadfaidh na Ballstáit eagraíochtaí tomhaltóirí a dhéanann ionadaíocht ar bhaill ó níos mó ná Ballstát amháin a ainmniú mar eintiteas cáilithe. | 3. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil eagraíochtaí tomhaltóirí ***a chomhlíonann na critéir a liostaítear i mír 1 agus comhlachtaí*** poiblí incháilithe le haghaidh stádas an eintitis ***ionadaíche*** cáilithe. Féadfaidh na Ballstáit eagraíochtaí tomhaltóirí a dhéanann ionadaíocht ar bhaill ó níos mó ná Ballstát amháin a ainmniú mar eintiteas ***ionadaíoch*** cáilithe. |

**Leasú 51**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 4 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***4. Féadfaidh na Ballstáit rialacha a leagan amach ina sonraítear cé na heintitis cháilithe ar féidir leo na bearta ar fad dá dtagraítear in Airteagal 5 agus Airteagal 6 a lorg, agus cé na eintitis cháilithe nach féidir leo ach ceann amháin níos mó de na bearta seo a lorg.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 52**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 4 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Na critéir dá dtagraítear i mír 1 a bheith comhlíonta ag eintiteas cáilithe, tá sé sin gan dochar do ***dhualgas*** na cúirte nó an údaráis riaracháin a scrúdú an bhfuil cuspóir an eintitis cháilithe ina bhonn cirt leis an eintiteas sin caingean a thabhairt i gcás sonrach i gcomhréir le hAirteagal 5(1). | 5. Tá comhlíonadh na gcritéir dá dtagraítear i mír 1 ag eintiteas cáilithe gan dochar do ***dhualgas*** na cúirte nó an údaráis riaracháin a scrúdú an bhfuil cuspóir an eintitis cháilithe ina bhonn cirt leis an eintiteas sin caingean a thabhairt i gcás sonrach i gcomhréir ***le hAirteagal 4 agus*** le hAirteagal 5(1). |

**Leasú 53**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 5 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Áiritheoidh na Ballstáit gur féidir le heintitis cháilithe caingne ionadaíocha a thabhairt os comhair cúirteanna náisiúnta nó údaráis riaracháin ar choinníoll go bhfuil gaol díreach idir príomhchuspóirí an eintitis agus na cearta a dheonaítear faoi dhlí an Aontais atáthar a áitiú a sáraíodh agus a bhfuil an chaingean á tabhairt i ndáil leo. | 1. Áiritheoidh na Ballstáit ***nach féidir ach*** le heintitis ***ionadaíocha*** cháilithe ***a ainmníodh i gcomhréir le hAirteagal 4(1)*** caingne ionadaíocha a thabhairt os comhair cúirteanna náisiúnta nó údaráis riaracháin, ***agus*** ar choinníoll go bhfuil gaol díreach idir príomhchuspóirí an eintitis agus na cearta a dheonaítear faoi dhlí an Aontais atáthar a áitiú a sáraíodh agus a bhfuil an chaingean á tabhairt i ndáil leo.<br>***Beidh sé de shaoirse ag eintitis ionadaíocha cháilithe aon nós imeachta atá ar fáil a roghnú faoin dlí náisiúnta nó faoi dhlí an Aontais chun ardleibhéal cosanta ar chomhleas an tomhaltóra a áirithiú.***<br>***Áiritheoidh na Ballstáit nár tugadh aon chaingean leanúnach eile os comhair chúirt nó údarás riaracháin an Bhallstáit maidir leis an gcleachtas céanna, an trádálaí céanna agus na tomhaltóirí céanna.*** |

**Leasú 54**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 5 – mír 2 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil eintitis cháilithe i dteideal caingne ionadaíocha a thabhairt chun na bearta seo a leanas a lorg: | Áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil eintitis ***ionadaíocha*** cháilithe***, lena n-áirítear comhlachtaí poiblí a ainmníodh roimh ré,*** i dteideal caingne ionadaíocha a thabhairt chun na bearta seo a leanas a lorg: |

**Leasú 55**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 5 – mír 2 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Chun orduithe urghaire a lorg, ní bheidh ar eintitis cháilithe sainordú a fháil ó na tomhaltóirí aonair lena mbaineann ***ná*** fianaise de chaillteanas ná damáiste iarbhír a sholáthar ó thaobh na dtomhaltóirí lena mbaineann de ná fianaise de rún ná faillí ó thaobh an trádálaí de. | Chun orduithe urghaire a lorg, ní bheidh ar eintitis ***ionadaíocha*** cháilithe sainordú a fháil ó na tomhaltóirí aonair lena mbaineann ***agus*** fianaise de chaillteanas ná damáiste iarbhír a sholáthar ó thaobh na dtomhaltóirí lena mbaineann de ná fianaise de rún ná faillí ó thaobh an trádálaí de. |

**Leasú 56**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 5 – mír 2 – fomhír 2 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) ordú urghaire mar bheart eatramhach chun an cleachtas a stopadh nó, mura bhfuil an cleachtas curtha i bhfeidhm go fóill ach go bhfuil sin ar tí tarlú, an cleachtas a thoirmeasc; | (a) ordú urghaire mar bheart eatramhach chun an cleachtas ***neamhdhleathach*** a stopadh nó, mura bhfuil an cleachtas curtha i bhfeidhm go fóill ach go bhfuil sé ar tí tarlú, an cleachtas ***neamhdhleathach*** a thoirmeasc; |

**Leasú 57**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 5 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil eintitis cháilithe i dteideal caingne ionadaíocha a thabhairt chun bearta a lorg chun éifeachtaí leanúnacha an tsáraithe a dhíothú. ***Déanfar na bearta sin a lorg ar bhonn aon chinneadh críochnaitheach go bhfuil cleachtas ina shárú ar dhlí de chuid an Aontais a liostaítear in Iarscríbhinn I a dhéanann díobháil do chomhleasanna tomhaltóirí, lena n-áirítear ordú urghaire críochnaitheach dá dtagraítear i mír (2)(b).*** | 3. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil eintitis ***ionadaíocha*** cháilithe i dteideal caingne ionadaíocha a thabhairt chun bearta a lorg chun éifeachtaí leanúnacha an tsáraithe a dhíothú. |

**Leasú 58**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 5 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***4. Gan dochar d'Airteagal 4(4), áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh eintitis cháilithe in ann idir bhearta chun éifeachtaí leanúnacha an tsáraithe a dhíothú agus bhearta dá dtagraítear i mír 2 a lorg in aon chaingean ionadaíoch amháin.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 59**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 5 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 5a*** |
| | ***Clárlann na gcaingne comhshásaimh*** |
| | ***1. Féadfaidh na Ballstáit clár náisiúnta do chaingne ionadaíocha a bhunú, a bheadh saor ó tháille d'aon duine leasmhar trí mhodhanna leictreonacha agus/nó modhanna eile.*** |
| | ***2. Tabharfaidh suíomhanna idirlín a fhoilsíonn na clárlanna rochtain ar fhaisnéis chuimsitheach agus oibiachtúil ar na modhanna atá ar fáil chun cúiteamh a fháil, lena n-áirítear modhanna lasmuigh den chúirt mar aor leis na caingne ionadaíocha ar feitheamh.*** |
| | ***3. Beidh idirnasc idir na clárlanna náisiúnta. Beidh feidhm ag Airteagal 35 de Rialachán (AE) Uimh. 2017/2394.*** |

**Leasú 60**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 6 – mír 1 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Chun críocha Airteagal 5(3), áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil eintitis cháilithe i dteideal caingne ionadaíocha a thabhairt chun ordú sásaimh a lorg, lena gcuirtear an trádálaí faoi oibleagáid cúiteamh, deisiú, athsholáthar, laghdú praghsanna, foirceannadh conartha nó aisíocaíocht an phraghais a íocadh, inter alia, a sholáthar, de réir mar is iomchuí. Féadfaidh an Ballstát a cheangal go bhfaighfear sainordú na dtomhaltóirí aonair lena mbaineann sula ***ndéanfar cinneadh dearbhaitheach nó*** sula n-eiseofar ordú sásaimh. | 1. Chun críocha Airteagal 5(3), áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil eintitis ***ionadaíocha*** cháilithe i dteideal caingne ionadaíocha a thabhairt chun ordú sásaimh a lorg, lena gcuirtear an trádálaí faoi oibleagáid cúiteamh, deisiú, athsholáthar, laghdú praghsanna, foirceannadh conartha nó aisíocaíocht an phraghais a íocadh, *inter alia*, a sholáthar, de réir mar is iomchuí. Féadfaidh an Ballstát a cheangal ***nó gan a cheangal*** go bhfaighfear sainordú na dtomhaltóirí aonair lena mbaineann sula n-eiseofar ordú sásaimh. |

**Leasú 61**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 6 – mír 1 – fomhír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Más rud é nach ndéanann Ballstát a cheangal go dtabharfadh an tomhaltóir aonair sainordú chun dul isteach i gcaingean ionadaíoch, ceadóidh an Ballstát sin, mar sin féin, do na daoine aonair sin nach bhfuil gnáthchónaí orthu sa Bhallstát ina dtarlaíonn an chaingean, rannpháirt a ghlacadh sa chaingean ionadaíoch, i gcás inar thug siad a sainordú sainiúil chun dul isteach sa chaingean ionadaíoch laistigh den teorainn ama is infheidhme.*** |

**Leasú 62**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 6 – mír 1 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ní mór don eintiteas cáilithe faisnéis ***leordhóthanach*** a sholáthar de réir mar a cheanglaítear faoin dlí náisiúnta chun tacú leis an gcaingean, lena n-áirítear tuairisc ar na tomhaltóirí a mbaineann an chaingean leo agus na ceisteanna fíorais agus dlí atá le réiteach. | Ní mór don eintiteas ***ionadaíoch*** cáilithe an ***fhaisnéis go léir is gá*** a sholáthar de réir mar a cheanglaítear faoin dlí náisiúnta chun tacú leis an gcaingean, lena n-áirítear tuairisc ar na tomhaltóirí a mbaineann an chaingean leo agus na ceisteanna fíorais agus dlí atá le réiteach. |

**Leasú 63**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 6 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***2. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh na Ballstáit cúirt nó údarás riaracháin a chumhachtú chun cinneadh dearbhaitheach a eisiúint, seachas ordú sásaimh, maidir le dliteanas an trádálaí i leith na dtomhaltóirí a ndearnadh díobháil dóibh de dheasca sárú ar dhlí de chuid an Aontais a liostaítear in Iarscríbhinn I, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo nuair is casta sásamh aonair a chainníochtú mar gheall ar shaintréithe na díobhála ar leith do na tomhaltóirí lena mbaineann.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 64**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 6 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***3. Ní bheidh feidhm le mír 2 sna cásanna seo a leanas:*** | ***scriosta*** |
| ***(a) tá na tomhaltóirí lena mbaineann an sárú inaitheanta agus bhain díobháil inchomparáide dóibh mar gheall ar an gcleachtas céanna i ndáil le tréimhse ama*** | |

***nó ceannachán. I gcásanna den sórt sin, ní bheidh an ceanglas sainordú na dtomhaltóirí aonair lena mbaineann a fháil ina choinníoll chun an chaingean a thionscnamh. Díreofar an sásamh ar na tomhaltóirí lena mbaineann;***

***(b) d'fhulaing na tomhaltóirí méid beag caillteanais agus bheadh sé díréireach an sásamh a dháileadh orthu. I gcásanna den sórt sin, áiritheoidh na Ballstáit nach mbeidh sainordú na dtomhaltóirí aonair lena mbaineann ina cheanglas. Díreofar an sásamh ar chuspóir poiblí a fhreastalaíonn ar chomhleasanna tomhaltóirí.***

**Leasú 65**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 6 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Beidh an sásamh a fhaightear trí chinneadh críochnaitheach i gcomhréir le mír 1, ***mír 2 agus mír 3*** gan dochar d'aon chearta breise sásaimh atá ag na tomhaltóirí lena mbaineann faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta. | 4. Beidh an sásamh a fhaightear trí chinneadh críochnaitheach i gcomhréir le mír 1 gan dochar d'aon chearta breise sásaimh atá ag na tomhaltóirí lena mbaineann faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta. ***Tabharfar urraim don phrionsabal res judicata i gcur i bhfeidhm na forála seo.*** |

**Leasú 66**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 6 – mír 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4 a. Tá sé mar aidhm leis na bearta sásaimh lánchúiteamh ar a gcaillteanas a dheonú do thomhaltóirí. I gcás méid nár éilíodh a bheith fágtha i ndiaidh an chúitimh, chinnfeadh an chúirt cé an tairbhí don mhéid nár éilíodh atá fágtha. Ní rachaidh an méid sin nár éilíodh go dtí an t-eintiteas ionadaíoch cáilithe ná go dtí an trádálaí.*** |

**Leasú 67**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 6 – mír 4 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4 b. Go háirithe, toirmeascfar damáistí pionósacha a ndéanfaí an páirtí is éilitheoir maidir leis an damáiste a rinneadh a róchúiteamh dá mbarr. Mar shampla, an cúiteamh a dheonaítear do thomhaltóirí a ndearnadh díobháil dóibh go comhpháirteach, ní bheidh an cúiteamh sin níos mó ná an méid a chaithfidh an trádálaí a chúiteamh i gcomhréir leis an dlí náisiúnta nó dlí an Aontais is infheidhme chun an díobháil iarbhír a bhain dóibh ar bhonn aonair a chumhdach.*** |

**Leasú 68**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 7 – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Maoiniú*** | ***Inghlacthacht caingne ionadaíche*** |

**Leasú 69**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 7 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. An t-eintiteas cáilithe a bhfuil ordú sásaimh dá dtagraítear in Airteagal 6(1) á lorg aige, ***dearbhóidh sé go luath*** sa chaingean ***foinse na*** gcistí a úsáidtear le haghaidh a ghníomhaíochta go ginearálta agus foinse na gcistí atá sé a úsáid chun tacú leis an gcaingean. Léireoidh sé go bhfuil acmhainní airgeadais leordhóthanacha aige chun ionadaíocht a dhéanamh ar leasanna is fearr na dtomhaltóirí lena mbaineann agus chun aon chostais dhíobhálacha a sheasamh sa chás go dteipfeadh ar an gcaingean. | 1. An t-eintiteas ***ionadaíoch*** cáilithe a bhfuil ordú sásaimh dá dtagraítear in Airteagal 6(1) á lorg aige, ***déanfaidh sé forléargas airgeadais iomlán a faoi chur bhráid na cúirte nó an údaráis riaracháin ag an céim is luaithe den chaingean, ina liostaítear foinsí uile*** na gcistí a úsáidtear le haghaidh a ghníomhaíochta go ginearálta agus foinse na gcistí atá á n-úsáid aige chun tacú leis an gcaingean ***chun a léiriú nach ann do choinbhleacht leasa***. Léireoidh sé go bhfuil acmhainní airgeadais leordhóthanacha aige chun ionadaíocht a dhéanamh ar leasanna is fearr na dtomhaltóirí lena mbaineann agus chun aon chostais dhíobhálacha a sheasamh i gcás ina dteipfeadh ar an gcaingean. |

**Leasú 70**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 7 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcásanna ina bhfuil caingean ionadaíoch ar shásamh á maoiniú ag tríú páirtí, go bhfuil toirmeasc ar an tríú páirtí: | 2. ***D'fhéadfadh go bhfógródh an cúirt náisiúnta go bhfuil an chaingean ionadaíoch neamh-inghlactha má bhunaíonn an chúirt go ndéanfadh cistiúchán ón tríú páirtí an méid seo a leanas:*** |

**Leasú 71**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 7 – mír 2 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) tionchar a imirt ar chinntí an eintitis cháilithe i gcomhthéacs caingean ionadaíoch, maidir le socraíochtaí san áireamh; | (a) tionchar a imirt ar chinntí an eintitis ***ionadaíoch*** cháilithe i gcomhthéacs caingean ionadaíoch, ***lena n-áirítear caingne ionadaíocha a thionscnamh agus cinntí ar shocraíochtaí;*** |

**Leasú 72**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 7 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil sé ***de chumhacht ag*** cúirteanna agus údaráis riaracháin na himthosca dá dtagraítear i mír 2 a mheas ***agus, dá réir sin, ceangal a chur ar an eintiteas cáilithe an maoiniú ábhartha a dhiúltú agus, más gá, seasamh an eintitis cháilithe i gcás sonrach a dhiúltú***. | 3. Áiritheoidh na Ballstáit ***go measúnóidh*** na cúirteanna agus údaráis riaracháin ***nach ann do choinbhleacht leasa dá dtagraítear i mír 1 agus*** na himthosca dá dtagraítear i mír 2 ***ag céim na hinghlacthachta*** den ***chaingean ionadaíoch agus ar céim níos déanaí le linn na n-imeachtaí cúirte mura dtagann na himthosca chun solais ach ag an bpointe sin***. |

**Leasú 73**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 7 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3 a. Áiritheoidh na Ballstáit freisin go bhfuil an t-údarás ag an gcúirt nó ag an údarás riaracháin cásanna ina bhfuil sé soiléir nach bhfuil aon bhunús leo a chaitheamh amach ag an gcéim is luaithe is féidir de na himeachtaí.*** |

**Leasú 74**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 7 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 7 a*** |
| | ***An prionsabal go n-íocann an cailliúnaí*** |
| | ***Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh an páirtí a chailleann caingean chomhshásaimh costais dlí an pháirtí bhuaitigh a íoc, faoi réir na gcoinníollacha dá bhforáiltear sa dlí náisiúnta. Ní dhéanfaidh an chúirt nó an t-údarás riaracháin, áfach, costais a dhámhachtain don pháirtí nár éirigh leis sa mhéid go ndearnadh iad a thabhú go neamhriachtanach nó go bhfuil siad díréireach leis an éileamh.*** |

**Leasú 75**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 8 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh gur féidir le heintiteas cáilithe agus trádálaí a tháinig ar shocraíocht maidir le sásamh do thomhaltóirí a ndearna cleachtas neamhdhleathach líomhnaithe an trádálaí sin difear dóibh iarratas comhpháirteach a dhéanamh go bhfaomhfadh cúirt nó údarás riaracháin an tsocraíocht sin. ***Níor cheart don chúirt nó don údarás riaracháin iarratas den sórt sin a cheadú má tá aon chaingean ionadaíoch eile ag dul ar aghaidh os comhair chúirt nó údarás riaracháin an Bhallstáit chéanna maidir leis an trádálaí céanna agus maidir leis an gcleachtas céanna.*** | 1. Féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh gur féidir le heintiteas ***ionadaíoch*** cáilithe agus trádálaí a tháinig ar shocraíocht maidir le sásamh do thomhaltóirí a ndearna cleachtas neamhdhleathach líomhnaithe an trádálaí sin difear dóibh iarratas comhpháirteach a dhéanamh go bhfaomhfadh cúirt nó údarás riaracháin an tsocraíocht sin. |

**Leasú 76**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 8 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. ***Tabharfar an deis do na tomhaltóirí aonair lena mbaineann glacadh lena bheith faoi cheangal ag na socraíochtaí dá dtagraítear i mír 1, mír 2 agus mír 3, nó diúltú dó sin.*** Beidh an sásamh a gheofar trí shocraíocht fhaofa i gcomhréir le mír 4 gan dochar d'aon chearta breise sásaimh atá ag na tomhaltóirí lena mbaineann faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta. | 6. Beidh an sásamh a gheofar trí shocraíocht fhaofa i gcomhréir le mír 4 ***ina cheangal ar na páirtithe uile*** gan dochar d'aon chearta breise sásaimh atá ag na tomhaltóirí lena mbaineann faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta. |

**Leasú 77**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 9 – mír -1 (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***-1 Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh na heintitis ionadaíocha na nithe a leanas:*** <br> ***(a) tomhaltóirí a chur ar an eolas maidir leis an sárú atá á áitiú ar chearta a dheonaítear faoi dhlí an Aontais agus an rún chun urghaire a lorg nó tabhairt faoi chaingean le haghaidh damáistí,*** <br> ***(b) míniú do thomhaltóirí lena mbaineann*** |

***roimh ré gur féidir leo dul isteach i gcaingean chun a áirithiú go coinneofar na doiciméid ábhartha agus faisnéis eile is gá don chaingean,***

***(c) i gcás inarb iomchuí, iad a chur ar an eolas faoi na céimeanna ina dhiaidh sin agus na hiarmhairtí ionchasacha dlí.***

**Leasú 78**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 9 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfidh an chúirt nó an t-údarás riaracháin ceangal ***ar an trádálaí a rinne sárú*** na tomhaltóirí a ndearnadh difear dóibh a chur ar an eolas ar a chostas féin faoi na cinntí críochnaitheacha ina bhforáiltear maidir le bearta dá dtagraítear in Airteagal 5 agus in Airteagal 6, agus na socraíochtaí ceadaithe dá dtagraítear in Airteagal 8, trí mhodhanna atá iomchuí in imthosca an cháis agus laistigh de theorainneacha ama sonraithe***, lena n-áirítear, más iomchuí,*** trí ***fhógra a thabhairt do gach tomhaltóir ar leith lena mbaineann***. | 1. ***I gcás ina bhfuil socraíocht nó cinneadh críochnaitheach chun leasa tomhaltóirí a d'fhéadfadh a bheith aineolach mar gheall air,*** áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfidh an chúirt nó an t-údarás riaracháin ceangal ar an ***bpáirtí cloíte nó ar an dá pháirtí*** na tomhaltóirí a ndearnadh difear dóibh a chur ar an eolas ar a chostas féin faoi na cinntí críochnaitheacha ina bhforáiltear maidir le bearta dá dtagraítear in Airteagal 5 agus in Airteagal 6, agus na socraíochtaí ceadaithe dá dtagraítear in Airteagal 8, trí mhodhanna atá iomchuí in imthosca an cháis agus laistigh de theorainneacha ama sonraithe***. D'fhéadfadh na Ballstáit foráil a dhéanamh go bhféadfadh an oibleagáid faisnéise a chomhlíonadh*** trí ***shuíomh idirlín a chur ar fáil go poiblí agus a bheadh inrochtana gan stró***. |

**Leasú 79**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 9 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1 a. Íocfaidh an páirtí cloíte costais na faisnéise do thomhaltóirí i gcomhréir leis an bprionsabal a leagtar síos in Airteagal 7.*** |

**Leasú 80**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 9 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Mar chuid den fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 beidh míniú i dteanga intuigthe ar ábhar na caingne ionadaíche, a iarmhairtí dlí agus, más iomchuí, na gníomhartha atá le déanamh ag na tomhaltóirí lena mbaineann. | 2. Mar chuid den fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 beidh míniú i dteanga intuigthe ar ábhar na caingne ionadaíche, a iarmhairtí dlí agus, más iomchuí, na gníomhartha atá le déanamh ag na tomhaltóirí lena mbaineann. ***Déanfar módúlachtaí agus creat ama na faisnéise a dhearadh i gcomhaontú leis an gcúirt nó leis an údarás riaracháin.*** |

**Leasú 81**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 9 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2 a. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear an fhaisnéis ar fáil don phobal i mbealach inrochtana, maidir le caingne comhpháirteacha atá le teacht, atá ar siúl agus atá i gcrích, lena n-áirítear tríd na meáin agus ar líne trí shuíomh idirlín nuair a chineann cúirt go bhfuil an cás inghlachta.*** |

**Leasú 82**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 9 – mír 2 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2 b. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an chumarsáid phoiblí ó eintitis cháilithe maidir le héilimh fíorasach agus go dtugtar san áireamh léi ceart na dtomhaltóirí faisnéis a fháil agus ceart chlú na gcosantóirí agus a gcearta chun rúndachta gnó.*** |

**Leasú 83**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 10 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Más ann ***do shárú a dhéanann díobháil do chomhleasanna tomhaltóirí de réir*** cinneadh críochnaitheach ó údarás riaracháin nó ó chúirt, lena náirítear ordú urghaire críochnaitheach dá dtagraítear in Airteagal 5(2)(b), áiritheoidh na Ballstáit ***go nglacfar leis sin mar léiriú doshéanta*** gurb ann don sárú chun críocha aon chaingne eile lena lorgaítear sásamh os comhair a gcúirteanna náisiúnta i gcoinne an trádálaí chéanna maidir leis an ***sárú*** céanna. | 1. ***I gcás*** cinneadh críochnaitheach ó údarás riaracháin nó ó chúirt, lena n-áirítear ordú urghaire críochnaitheach dá dtagraítear in Airteagal 5(2)(b), áiritheoidh na Ballstáit ***go bhfeicfear é mar fhianaise*** gurb ann ***nó nach ann*** don sárú chun críocha aon chaingne eile lena lorgaítear sásamh os comhair a gcúirteanna náisiúnta i gcoinne an trádálaí chéanna maidir leis ***na fíorais chéanna ar choinníoll nach bhféadfaí an damáiste céanna a chúiteamh faoi dhó do na tomhaltóirí céanna lena mbaineann***. |

**Leasú 84**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 10 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Áiritheoidh na Ballstáit go nglacfaidh a gcúirteanna náisiúnta nó a n-údaráis riaracháin le cinneadh críochnaitheach dá dtagraítear i mír 1 mar ***thoimhde infhrisnéise*** gur tharla sárú. | 2. Áiritheoidh na Ballstáit go nglacfaidh a gcúirteanna náisiúnta nó a n-údaráis riaracháin le cinneadh críochnaitheach dá dtagraítear i mír 1 mar fhianaise ***ar a laghad*** gur tharla sárú. |

**Leasú 85**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 10 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2 a. Áiritheoidh na Ballstáit maidir le cinneadh críochnaitheach ó chúirt Bhallstáit amháin lena mbunaítear gurb ann nó nach ann don sárú chun críocha aon chaingne eile lena lorgaítear sásamh os comhair a gcúirteanna náisiúnta i gcoinne an trádálaí chéanna maidir leis an sárú céanna, go measfar an cinneadh críochnaitheach sin a bheith ina thoimhde infhrisnéise.*** |

**Leasú 86**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 10 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. ***Áiritheoidh*** na Ballstáit ***go nglacfar le cinneadh dearbhaitheach*** críochnaitheach ***dá dtagraítear in Airteagal 6(2) mar léiriú doshéanta go bhfuil an trádálaí faoi dhliteanas i leith na dtomhaltóirí a ndearnadh díobháil dóibh de dheasca sárú chun críocha aon*** chaingne ***lena lorgaítear*** sásamh ***os comhair*** a ***gcúirteanna náisiúnta i gcoinne an trádálaí chéanna maidir leis an sárú céanna***. ***Má thugann tomhaltóirí aonair caingean den sórt sin le haghaidh sásaimh, áiritheoidh na Ballstáit gur féidir leo sin a dhéanamh trí nósanna imeachta áisiúla agus simplithe.*** | 3. ***Moltar do*** na Ballstáit ***bunachar sonraí a chruthú ina mbeadh na cinntí*** críochnaitheacha ***uile maidir le caingne*** sásaimh ***lena bhféadfaí bearta sásaimh eile a éascú, agus a ndea-chleachtais sa réimse sin a chomhroinnt***. |

**Leasú 87**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 11 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Má a thionscnaítear caingean ionadaíoch dá dtagraítear in Airteagal 5 agus Airteagal 6, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh sé d'éifeacht aige sin go gcuirfear ar fionraí na tréimhsí teorann is infheidhme maidir le haon chaingean sásaimh le haghaidh na ***dtomhaltóirí*** a mbaineann an chaingean sin leo nó go gcuirfear briseadh sna tréimhsí sin, má tá na cearta ábhartha faoi réir tréimhse teorann faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta. | ***I gcomhréir leis an dlí náisiúnta,*** má a thionscnaítear caingean ionadaíoch dá dtagraítear in Airteagal 5 agus Airteagal 6, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh sé d'éifeacht aige sin go gcuirfear ar fionraí na tréimhsí teorann is infheidhme maidir le haon chaingean sásaimh le haghaidh na ***ndaoine aonair*** a mbaineann an chaingean sin leo nó go gcuirfear briseadh sna tréimhsí sin, má tá na cearta ábhartha faoi réir tréimhse teorann faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta. |

**Leasú 88**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 13 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***An t-eintiteas cáilithe*** a bhfuil fíorais agus ***fianaise*** curtha i láthair aige atá le fáil go réasúnach agus ar leor iad chun tacú leis ***an gcaingean ionadaíoch***, má shonraíonn an t-eintiteas sin tuilleadh fianaise atá faoi rialú ***an chosantóra***, áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfaidh an chúirt nó an t-údarás riaracháin a ordú, i gcomhréir leis na rialacha náisiúnta nós imeachta, go dtabharfaidh an ***cosantóir*** an fhianaise sin i láthair, faoi réir na rialacha de chuid an Aontais agus na rialacha náisiúnta is infheidhme maidir le rúndacht. | ***Ar iarraidh ó cheann de na páirtithe atá tar éis*** fíorais agus ***fianaise atá le fáil go réasúnach a chur i láthair*** agus míniú substainteach a thabhairt, ar leor iad chun tacú ***lena tuairimí***, ***agus*** má shonraíonn sé tuilleadh fianaise atá faoi rialú an ***pháirtithe eile, ar fianaise é atá sonrach agus mínithe go soiléir***, áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfaidh an chúirt nó an t-údarás riaracháin a ordú, i gcomhréir leis na rialacha náisiúnta nós imeachta, go dtabharfaidh ***an páirtí eile sin*** an fhianaise sin i láthair***, chomh cúng agus is féidir arna bunú ar fhíorais atá ar fáil go réasúnach***, faoi réir na rialacha de chuid an Aontais agus na rialacha náisiúnta is infheidhme maidir le rúndacht. ***Ní mór don ordú a bheith leordhóthanach agus*** |

***comhréireach maidir leis an gcás atá i dtrácht agus nach gcruthódh sé míchothromaíocht idir an dá pháirtí lena mbaineann.***

**Leasú 89**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 13 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Áiritheoidh na Ballstáit go teorannóidh na cúirteanna nochtadh na fianaise don mhéid is comhréireach. Chun cinneadh a dhéanamh faoi aon nochtadh arna iarraidh ag eintiteas ionadaíoch a bheith comhréireach, cuirfidh an chúirt san áireamh leas dlisteanach na bpáirtithe uile lena mbaineann, eadhon an méid a thacaíonn na fíorais agus an fhianaise atá ar fáil leis an iarratas ar nochtadh agus an bhfuil faisnéis rúnda san fhaisnéis ar iarradh a nochtadh.*** |

**Leasú 90**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 13 – mír 1 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1b. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil sé de chumhacht ag na cúirteanna náisiúnta*** |

| | |
|---|---|
| | ***nochtadh fianaise a ordú ar fianaise í a bhfuil faisnéis inti a mheasann siad a bheith ábhartha don chaingean le haghaidh damáistí.*** |

**Leasú 91**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 14 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Áiritheoidh na Ballstáit gur féidir na pionóis a bheith i bhfoirm fíneálacha. | 2. Áiritheoidh na Ballstáit gur féidir na pionóis a bheith***, inter alia,*** i bhfoirm fíneálacha. |

**Leasú 92**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 14 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Nuair atá cinneadh á dhéanamh maidir le leithdháileadh ioncaim ó fhíneálacha cuirfidh na Ballstáit comhleasanna ***tomhaltóirí*** san áireamh. | 3. Nuair atá cinneadh á dhéanamh maidir le leithdháileadh ioncaim ó fhíneálacha cuirfidh na Ballstáit comhleasanna san áireamh***. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh go leithdháilfear ioncaim den sórt sin do chiste a chruthófar chun críche caingne ionadaíocha a mhaoiniú***. |

**Leasú 93**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 15 – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Cúnamh le haghaidh eintitis cháilithe | Cúnamh le haghaidh eintitis ***ionadaíocha*** cháilithe |

**Leasú 94**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 15 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta riachtanacha lena áirithiú nach bhfuil na costais nós imeachta a bhaineann le caingne ionadaíocha ina mbaic airgeadais ar eintitis cháilithe an ceart a fheidhmiú go héifeachtach na bearta dá dtagraítear in Airteagal 5 agus Airteagal 6 a lorg, amhail teorainn a chur leis na táillí cúirte nó riaracháin is infheidhme***,*** rochtain ar chúnamh dlíthiúil a dheonú dóibh más gá, nó maoiniú poiblí a sholáthar dóibh chun na críche sin. | 1. ***Spreagfar*** na Ballstáit***, i gcomhréir le hAirteagal 7, lena áirithiú go bhfuil cistí leordhóthanacha ar fáil ag eintitis ionadaíocha cháilithe do chaingne ionadaíocha.*** Déanfaidh ***siad*** na bearta riachtanacha ***chun rochtain ar cheartas a éascú agus áiritheoidh siad*** nach bhfuil na costais nós imeachta a bhaineann le caingne ionadaíocha ina mbaic airgeadais ar eintitis cháilithe an ceart a fheidhmiú go héifeachtach na bearta dá dtagraítear in Airteagal 5 agus Airteagal 6 a lorg, amhail teorainn a chur leis na táillí cúirte nó riaracháin is infheidhme ***nó*** rochtain ar chúnamh dlíthiúil a dheonú dóibh más gá, nó maoiniú poiblí a sholáthar dóibh chun na críche sin. |

**Leasú 95**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 15 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1 a. Cuirfidh na Ballstáit tacaíocht struchtúrach ar fáil d'eintitis a ghníomhaíonn mar eintitis cháilithe faoi chuimsiú raon feidhme na Treorach seo.*** |

**Leasú 96**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 15 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 15a*** |
| | ***Ionadaíocht dhlíthiúil agus táillí dlí*** |
| | ***Áiritheoidh na Ballstáit nach gcruthófar trí tháillí dlíodóirí nó tríd an mhodh a ríomhtar iad aon dreasacht chun dlíthíochta nach bhfuil gá leis ó thaobh leas de d'aon de na páirtithe lena mbaineann. Go háirithe, cuirfidh na Ballstáit toirmeasc ar tháille teagmhasacha*** |

**Leasú 97**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 16 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá lena áirithiú gur féidir le haon eintiteas cáilithe atá ainmnithe roimh ré i mBallstát amháin i gcomhréir le hAirteagal 4(1) iarratas a chur faoi bhráid cúirteanna nó | 1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá lena áirithiú gur féidir le haon eintiteas ***ionadaíoch*** cáilithe atá ainmnithe roimh ré i mBallstát amháin i gcomhréir le hAirteagal 4(1) iarratas a chur faoi bhráid |

| | |
|---|---|
| údarás riaracháin Ballstáit eile ach an liosta atá ar fáil go poiblí dá dtagraítear san Airteagal sin a chur i láthair. ***Glacfaidh*** na cúirteanna nó na húdaráis riaracháin ***leis an liosta sin mar fhianaise ar*** sheasamh dlí an eintitis cháilithe gan dochar dá gceart a scrúdú an bhfuil cuspóir an eintitis cháilithe ina bhonn cirt leis an eintiteas sin caingean a thabhairt i gcás sonrach. | cúirteanna nó údarás riaracháin Ballstáit eile ach an liosta atá ar fáil go poiblí dá dtagraítear san Airteagal sin a chur i láthair. ***Féadfaidh*** na cúirteanna nó na húdaráis riaracháin seasamh dlí an eintitis cháilithe ***a mheasúnú*** gan dochar dá gceart a scrúdú an bhfuil cuspóir an eintitis ***ionadaíoch*** cháilithe ina bhonn cirt leis an eintiteas sin caingean a thabhairt i gcás sonrach. |

**Leasú 98**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 16 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2 a. Féadfaidh Ballstát, ina dtarlaíonn comhshásamh é a chur de cheangal ar na tomhaltóirí atá ina gcónaí sa Bhallstát sin sainordú a thabhairt agus beidh sé ina cheangal aige ag tomhaltóirí aonair atá bunaithe i mBallstát aonair nuair is caingean trasteorann í. In imthosca mar sin, cuirfear liosta tiomsaithe de na tomhaltóirí go léir ó Bhallstáit eile nár thug sainordú mar sin faoi bhráid na cúirte nó an údaráis riaracháin agus faoi bhráid an chostantóra ag tús caingne.*** |

**Leasú 99**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 16 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Má cheistíonn Ballstát ***nó*** an Coimisiún go gcomhlíonann eintiteas cáilithe na critéir a leagtar síos in Airteagal 4(1), déanfaidh an Ballstát a d'ainmnigh an t-eintiteas an cheist a scrúdú agus, más iomchuí, an t-ainmniúchán a chúlghairm mura bhfuil ceann amháin nó níos mó de na critéir á gcomhlíonadh. | 4. Má cheistíonn Ballstát***,*** an Coimisiún ***nó an trádálaí*** go gcomhlíonann eintiteas ***ionadaíoch*** cáilithe na critéir a leagtar síos in Airteagal 4(1), déanfaidh an Ballstát a d'ainmnigh an t-eintiteas an cheist a scrúdú agus, más iomchuí, an t-ainmniúchán a chúlghairm mura bhfuil ceann amháin nó níos mó de na critéir á gcomhlíonadh. |

**Leasú 100**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 16 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 16a*** |
| | ***An Clár Poiblí*** |
| | ***Áiritheoidh na Ballstáit go mbunóidh na húdaráis inniúla náisiúnta ábhartha clár atá inrochtana poiblí de na gníomhartha neamhdhleathacha a bhí faoi réir orduithe urghaire i gcomhréir le forálacha na Treorach seo.*** |

**Leasú 101**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 18 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***2. Tráth nach déanaí ná bliain tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo, déanfaidh an Coimisiún a mheas an*** | ***scriosta*** |

***bhfuil an leibhéal cosanta do chearta tomhaltóirí faoi na rialacha maidir le cearta paisinéirí aeir agus iarnróid inchomparáide leis an leibhéal cosanta dá bhforáiltear faoin Treoir seo. Más amhlaidh cás, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún tograí iomchuí a dhéanamh is féidir a bheith i gceist leo, go háirithe, na gníomhartha dá dtagraítear i bpointe 10 agus i bpointe 15 d'Iarscríbhinn I a bhaint as raon feidhme chur i bhfeidhm na Treorach seo mar a shainítear sin in Airteagal 2.***

**Leasú 102**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 18 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 18a*** |
| | ***Clásal athbhreithnithe*** |
| | ***Gan dochar d'Airteagal 16, measúnóidh an Coimisiún arbh fhearr dul i ngleic le caingne ionadaíocha trasteorann ar leibhéal an Aontais trí Ombudsman Eorpach do chomhshásamh a bhunú. Tráth nach déanaí ná trí bliana tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil ina leith sin a tharraingt suas agus a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, agus togra ábhartha ag dul leis i gcás inarb iomchuí.*** |

**Leasú 103**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Iarscríbhinn I – pointe 59 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(59a) Treoir 2001/95/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Nollaig*** |

***2001 maidir le sábháilteacht ghinearálta táirgí (IO L 11, 15.1.2002, lch. 4).***

**Leasú 104**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Iarscríbhinn I – pointe 59 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(59b) Treoir 2014/35/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le trealamh leictreach a chur ar fáil ar an margadh, ar trealamh é a dheartar lena úsáid laistigh de theorainneacha áirithe voltais (IO L 96, 29.3.2014, lch. 357).*** |

**Leasú 105**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Iarscríbhinn I – pointe 59 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(59c) Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos prionsabail ghinearálta agus ceanglais ghinearálta dhlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar amach nósanna imeachta i gcúrsaí sábháilteachta bia.*** |

**Leasú 106**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Iarscríbhinn I – pointe 59 d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|

| | |
|---|---|
| | ***(59d) Treoir 2014/31/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le huirlisí neamh-uathoibríocha meáite a chur ar fáil ar an margadh (IO L 96, 29.3.2014, lch. 107).*** |

**Leasú 107**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Iarscríbhinn I – pointe 59 e (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(59e) Rialachán (CEE) Uimh. 2136/89 ón gComhairle an 21 Meitheamh 1989 lena leagtar síos comhchaighdeáin mhargaíochta maidir le sairdíní leasaithe agus maidir le tuairiscí trádála le haghaidh sairdíní leasaithe agus táirgí de chineál sairdín.*** |

**Leasú 108**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Iarscríbhinn I – pointe 59 f (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(59f) Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le coinníollacha le haghaidh rochtana ar na gréasáin gáis nádúrtha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1775/2005.*** |